Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Sonraíocht Chorpoideachais na hArdteistiméireachta 2025 Lá 1

Eispéireas Foghlama Gairmiúil Iomlán Lae 2025/26

BY NC

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

## Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

| Tráinse 1 ábhar |
| --- |
| An tSean-Ghréigis |
| An Araibis |
| An Bhitheolaíocht |
| Gnó |
| Ceimic |
| Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe |
| Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht |
| An Laidin |
| Fisic |

| Tráinse 2 ábhar |
| --- |
| An Chuntasaíocht* |
| Staidéar Foirgníochta |
| An Innealtóireacht |
| Béarla* |
| An Tíreolaíocht |
| Nascmhodúil GCAT |
| Corpoideachas |





*NCCA, 2022*

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Naisc le Príomhdhoiciméid

Oide



NCCA

Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach

Lúnasa 2024


NCCA

Tuarascáil ar an gcomhairliúcháin ar dhréachtsonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta


An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Forléargas ar Shonraíocht COAT 2025

## Forléargas ar mheasúnú le haghaidh deimhniúcháin

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tionscadal Corpoideachais | 50% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 50% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

**Tábla 2:** Achoimre ar an measúnú don teistiúchán

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.21*

Comhpháirt mheasúnaithe bhreise (CMB) **amháin** ar fiú 50% í, ar a dtugtar Tionscadal Corpoideachais (TCO)

# Sceideal

9:15 – 11:00 **Seisiún 1:**
Sonraíocht Athfhorbartha do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (2025)

**11:00 – 11:15 Sos**

11:15 – 13:00 **Seisiún 2:**
Breithnithe don Chomhthéacs: Corpoideachas na hArdteistiméireachta (2025) inár scoileanna

**13:00 – 14:00 Lón**

14:00 – 15:30 **Seisiún 3:**
Dearcthaí ar Fheidhmíocht i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta


# Leanúntas Foghlama


Oide











Sraithe Sóisearaí → Sraith Shinsearach


# Conas a tháinig muid anseo



Oide

# Seisiún 1:

## Sonraíocht  Athfhorbartha do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (2025)


An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2026.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Intinní Foghlama

Oide

## Sa seisiún seo, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- An tSonraíocht nua do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta a iniúchadh i gcomhthéacs na Sraithe Sinsearaí athfhorbartha
- Struchtúr Shonraíocht Chorpoideachais na hArdteistiméireachta a Iniúchadh

# Amlíne Nua COAT

**Téarma 1 2025**
Tráinse 2 COAT foilsithe

**Téarma 2/3 2026**
Páipéir Scrúdaithe Samplacha Foilsithe ag SEC

**Téarma 1 2026**
Tráinse 2 COAT curtha i bhfeidhm i scoileanna agus treoirlínte CMB

**Téarma 1 2027**
Achoimrí beo do CMB foilsithe

Meitheamh **2028**
1ú Scrúdú Scríofa

# Amlíne Tacaíochta COAT Nua

**Téarma 1** (2025/26)
Full Day PLE

**Téarma 2** (2025/26)
Webinar
(LCPE Overview)
Collaborative Meetings

**Téarma 3** (2025/26)
Webinar
(SEC Sample
Exam Papers)

**Téarma 1** (2026/27)
Full Day PLE

**Téarma 2** (2026/27)
Associate Led Webinar
(Effective practice)

**Téarma 3** (2026/27)
Online Elective (TBC)

**Téarma 1** (2027/28)
Full day PLE

**Téarma 2** (2027/28)
Webinar (TBC)

**Téarma 3** (2027/28)
Online elective (TBC)

# Forléargas ar Shonraíocht COAT 2025

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
| --- | --- | --- |
| Tionscadal Corpoideachais | 50% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 50% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

Tábla 2: Achoimre ar an measúnú don teistiúchán

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.21*

Comhpháirt mheasúnaithe bhreise (CMB) **amháin** ar fiú 50% í, ar a dtugtar Tionscadal Corpoideachais (TCO)

# Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
| --- |
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.2*

# Gníomhaíocht: Cad é an t-eispéireas a ba chóir a bheith ag scoláirí sa tSraith Shinsearach?

Oide




*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.2-3*

# Gníomhaíocht Réasúnaíochta

Oide

## Réasúnaíocht

Déanann Corpoideachas na hArdteistiméireachta  forbairt ar chumas na scoláirí páirt a ghlacadh I gcorpoideachas agus i ngníomhaíocht choirp go muiníneach agus go heolach….

### Réasúnaíocht

Déanann **Corpoideachas na hArdteistiméireachta** forbairt ar chumas na scoláirí páirt a ghlacadh i gcorpoideachas agus i ngníomhaíocht choirp go muiníneach agus go heolach. I gCorpoideachas na hArdteistiméireachta, gheobhaidh na scoláirí deis chun staidéar a dhéanamh ar chorpoideachas i gcomhair teastasú. Ceapadh an tsonraíocht chun dul i gcion ar na scoláirí a bhfuil spéis acu agus atá tiomanta do rannpháirtíocht agus feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp. Déanann Corpoideachas na hArdteistiméireachta forbairt ar chumas na scoláirí corpoideachas agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus ina saol amach anseo ar bhealach eolasach oilte féintreoraithe machnamhach.

Tacaíonn teagasc agus foghlaim i gcorpoideachas leis na scoláirí a bheith ina ndaoine óga a bhfuil oideachas orthu maidir lena gcorp féin. Féachann na scoláirí lena gcuid feidhmíochta i rogha gníomhaíochtaí coirp a fheabhsú. Foghlaimíonn siad conas eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht choirp chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a n-ullmhaíonn siad, a mbíonn siad rannpháirteach agus mar a éiríonn leo i ngníomhaíocht choirp. Trí rannpháirtíocht agus taispeántas i ngníomhaíocht choirp, foghlaimíonn na scoláirí faoi bheith éifeachtach go pearsanta mar lúthchleasaithe aonair ach freisin mar chuid d'fhoireann nó de ghrúpa. Forbraíonn siad scileanna agus inniúlachtaí sóisialta difriúla de réir mar a oibríonn siad i gcomhar le daoine eile i dtreo comhsprice.

Cuirtear an bhéim ar eispéiris foghlama chomhtháite a thabhairt do na scoláirí áit a bhfuil cothroime idir dícheall pearsanta a fhorbairt i rogha gníomhaíochtaí coirp agus a dtuiscint ar na peirspictíochtaí teoiriciúla a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht agus ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a neartú. I measc na bpeirspictíochtaí sin tá foghlaim sna daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta agus eolaíochtaí saoil.

Foghlaimíonn na scoláirí faoin tábhacht atá le gníomhaíocht choirp mar chuid de stíl mhaireachtála shásúil agus shláintiúil. Déanann siad scrúdú ar na cúinsí a mbíonn tionchar acu ar a rannpháirtíocht féin agus ar rannpháirtíocht daoine eile i ngníomhaíocht choirp. Pléann siad eispéiris dhifriúla maidir le gníomhaíocht choirp, idir rannpháirtíocht ar bhonn caitheamh aimsire go dtí iarracht barr feabhais a bhaint amach agus luach gach eispéiris le haghaidh na sláinte agus na folláine. Is iomaí deis a fhaigheann na scoláirí sa chorpoideachas oibriú mar dhuine aonair i ngrúpaí agus i bhfoirne áit ar féidir leo tuiscint níos géire a fhorbairt ar na coincheapa a bhaineann le cothroime agus le freagracht phearsanta agus shóisialta. Cé gur cuid lárnach d'fhoghlaim na scoláirí i gcorpoideachas é an fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp, spreagtar na scoláirí

le tabhairt faoi róil eile seachas ról an lúthchleasaí. Spreagtar na scoláirí, go háirithe, le róil cheannaireachta agus chóitseála a ghlacadh mar chuid dá gcuid foghlama i gcorpoideachas.

Sa chorpoideachas, tuigtear go gcuimsítear leis an téarma gníomhaíocht choirp gach cineál gníomhaíochta coirp le chéile ar chontanam, mar a bhfuil rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp mar chuid de stíl mhaireachtála shláintiúil ar thaobh amháin agus a bheith in iomaíocht le rud a bhuachan ar an taobh eile. Faigheann na scoláirí taithí ar chorpoideachas mar phróiseas comhreathach foghlama i ngníomhaíocht choirp, trí ghníomhaíocht choirp agus maidir le gníomhaíocht choirp.

Cén ghné den réasúnaíocht is mó a thaitníonn leat agus cén fáth?

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.4*

# Aidhmeanna Corpoideachais na hArdteistiméireachta

Oide


Conas is féidir linn na haidhmeanna sin a bhaint amach dár scoláirí Corpoideachais san Ardteistiméireacht?

Déanann Corpoideachas na hArdteistiméireachta forbairt ar chumas an scoláire a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht choirp ar bhealach eolasach oilte féintreoraithe machnamhach ach eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.5*

# Forléargas ar Shonraíocht COAT 2025

Cad é a thugann tú faoi deara?




*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.10*

# Struchtúr na Sonraíochta COAT

Oide

- **3 shnáithe**
- **32 toradh foghlama**
- **44 briathar gnímh** a shainmhínítear in Aguisín 1

## Sa cholún ar chlé

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas

tugtar breac-chuntas ar réimsí sonracha d'fhoghlaim an scoláire

## Sa cholún ar dheis

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí

tugtar torthaí foghlama le briathra gnímh


### Snáithe 1: Foghlaim scileanna, rannpháirtíocht agus feidhmíocht

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • céimeanna foghlama scileanna lena n-áirítear bunleibhéal, meánleibhéal, ardleibhéal | 1. cur síos a dhéanamh ar na céimeanna a bhaineann le foghlaim scileanna |
| • tosca lena n-áirítear; aiseolas, cleachtas agus cineálacha cleachtais lena n-áirítear; cleachtas iomlán, páirteach, athraitheach, seasta, líonmhar, scaipthe, randamach | 2. tosca a imríonn tionchar ar fhoghlaim scileanna a iniúchadh |
| • prionsabail lena n-áirítear: éagsúlacht, forásach, sonrach, intomhaiste, inbhainte amach, réadúil, am, spreagúil, dúshlánach, taifeadta | 3. sceidil agus seisiúin chleachtaidh éifeachtacha a dhearadh, cinn a bhfuil prionsabail le haghaidh feidhmíocht tóraíochta i réimsí faoi leith mar bhonn fúthu<br>4. prionsabail an chleachtais éifeachtaigh a mheas |
| • scil agus teicnící a bheachtú<br>• teaictící/cinnteoireacht a chur i bhfeidhm<br>• aicmiú scileanna lena n-áirítear; scileanna oll-luaile, mínluaile, oscailte, dúnta, scoite, srathacha, leanúnacha, scileanna luais inmheánaigh agus luais sheachtraigh | 5. scileanna spóirt, feasacht/cinnteoireacht bheartach i ngníomhaíochtaí coirp éagsúla a thaispeáint |
| • saintréithe lena n-áirítear; feasacht chinéistéiseach, réamhghabháil, comhsheasmhacht, cruinneas i bpatrún/ teicníc ghluaiseachta | 6. saintréithe taispeántais oilte a shainaithint<br>7. an difríocht idir scil agus cumas a phlé |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.21*

# Cad is Toradh Foghlama ann?

Cuireann **torthaí foghlama** próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meon scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a **bpríomhinniúlachtaí** a chur i bhfeidhm i gcásanna éagsúla de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn.




*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.7*

# Conas a fheiceann muid Príomhinniúlachtaí á bhforbairt in COAT?

Déantar **príomhinniúlachtaí** a chomhtháthú ar fud na rannóg seo na sonraíochtaí: réasúnaíocht, aidhm, torthaí foghlama agus measúnú.





*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.8*


# Iniúchadh a dhéanamh ar na torthaí foghlama i ngach snáithe


Oide

Sa 'snáithghrúpa' a sannadh duit, scrúdaigh na torthaí foghlama agus déan machnamh ar rud éigin a dhéanann tú:

- 3 thoradh foghlama a bhfuil tú tógtha fúthu agus cén fáth
- Rud a dteastaíonn uainn níos mó a fháil amach faoi





Snáithe 3: Tosca a mbíonn tionchar acu ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • catagóirí difriúla drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú<br>• na himpleachtaí don té atá i mbun an spóirt, agus an spórt féin, a bhaineann le húsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú<br>• rialacha frithdhópála na hÉireann agus forfheidhmiú<br>• eisceacht i gcomhair úsáid theiripeach i dtaca le húsáid cógas sa spórt | 6. drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú sa spórt agus rialacháin maidir le dópáil a phlé |
| • an tionchar ar – lúthchleasaithe, cóitseálaithe/ cóiréagrafaithe, oifigigh agus an lucht féachana<br>• feidhmíocht a bharrfheabhsú<br>• úsáid phearsanta as teicneolaíocht chun feidhmíocht a bharrfheabhsú | 7. plé a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí teicneolaíochta i ngníomhaíocht choirp |
| • an éifeacht a bhaineann le cumhdach na meán ar leibhéil rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp; lena n-áirítear grúpaí inscne difriúla<br>• an tionchar a bhaineann le léirithe sna meáin ar íomhá coirp ar leibhéil rannpháirtíochta<br>• teachtaireachtaí ó urraíocht a bhaineann le spórt agus na himpleachtaí a bhaineann leo i dtaobh na rannpháirtíochta<br>• straitéisí chun clúdach na meán a fheabhsú | 8. ról na meán agus na hurraíochta ar ghníomhaíocht choirp agus spórt a léirthuiscint |
| • baic ar rannpháirtíocht agus tacaíochtaí di<br>• rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp a thomhas/a rianú<br>• cur chun cinn na gníomhaíochta coirp<br>• gníomhaíochtaí coirp a bhaineann le stíl mhaireachtála<br>• tosca cultúrtha; dearcthaí, luachanna agus traidisiúin | 9. scrúdú a dhéanamh ar thosca a mbíonn tionchar acu ar rochtain ar ghníomhaíocht choirp agus ionchuimsiú, rannpháirtíocht agus feidhmíocht inti, agus an chaoi a n-imríonn siad tionchar ar rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil. |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.8*

Oide

# Comhroinn an fhoghlaim

Cad iad na torthaí foghlama a bhfuilimid tógtha fúthu agus cén fáth?



Cad é ar mhaith linn tuilleadh a fháil amach faoi?


# Intinní Foghlama

Oide

Sa seisiún seo, táimid tar éis:

- Iniúchadh a dhéanamh ar an tSonraíocht nua do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta i gcomhthéacs na Sraithe Sinsearaí athfhorbartha
- Scrúdú a dhéanamh ar struchtúr Shonraíocht Chorpoideachais na hArdteistiméireachta

# Eagraí na gCeithre Chúinne



# Sos

## 15 nóiméad



# Seisiún 2:

## Breithnithe don Chomhthéacs: Corpoideachas na hArdteistiméireachta (2025) inár scoileanna



# Intinní Foghlama

Oide

Sa seisiún seo, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Imscrúdú a dhéanamh ar na hionchais d'fhoghlaim an scoláire sa tSonraíocht nua do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (2025)
- Comhoibriú ar an gcaoi ar féidir beocht a chur sna torthaí foghlama agus sna briathra gnímh inár gcomhthéacsanna scoile éagsúla

# Teagasc d'Fhoghlaim an Scoláire

Oide


## Gníomhaíocht an Stáisiúin

Ag gach stáisiún:

- Léigh an mhír 'Teagasc d'Fhoghlaim an Scoláire' agus an cheist á breithniú agat

**Conas a d'fhéadfá ullmhú chun tacú le scoláirí i do scoil tabhairt faoin bhfoghlaim sin?**

- Déan d'aiseolas a thaifeadadh ar an smeach-chairt



Tá rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíocht choirp lárnach do theagasc agus d'fhoghlaim i gcorpoideachas. Iarrann na torthaí foghlama i gcorpoideachas ar na scoláirí …

Tá raon leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama praiticiúla agus ar bhonn fiosraithe cuí sa chorpoideachas. Áirítear orthu sin na scoláirí a bheith rannpháirteach i …

Cinntíonn an úsáid a bhaintear as measúnú le haghaidh cuir chuige foghlama i gcorpoideachas go mbeidh na scoláirí cinnte faoi na cuspóirí foghlama agus faoi na critéir i gcomhair rathúlachta.

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.20*

# Cad is Briathar Gnímh ann?

Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí an mhéid a ba chóir don fhoghlaimeoir a bheith in ann a thaispeáint tar éis tréimhse foghlama

3. discuss recovery strategies and apply principles of periodisation in training programme design

6. úsáid pleananna gníomhaíochta pearsanta a iniúchadh, pleananna a bhfuil prionsabail shíceolaíocha mar bhonn fúthu chun tacú le meon dearfach síceolaíoch roimh ghníomhaíocht choirp, lena linn agus ina diaidh

10. straitéisí maidir le cur chun cinn gníomhaíochta coirp a mheas

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.16,17 & 19*

# Cuspóir na mBriathra Gnímh

Oide

*tacú le tuiscint an scoláire agus an mhúinteora ar na torthaí foghlama agus ar an tsonraíocht*

**15 bhriathar gnímh** i dtorthaí foghlama

- Anailísigh
- Aithin (sonraí/faisnéis)
- Cuir i bhfeidhm
- Cuir síos
- Déan comparáid
- Déan taighde
- Dear
- Iniúch
- Meas
- Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)
- Measúnaigh (sonraí/faisnéis)
- Pléigh
- Scrúdaigh
- Tabhair breac-chuntas
- Taispeáin

**44 briathar gnímh** a shainmhínítear in aguisín 1

Appendix 1: Glossary of action verbs

| Action verb | Students should be able to |
|---|---|
| Acknowledge (sources) | expressly recognise sources of information |
| Analyse | study or examine something in detail, break down in order to bring out the essential elements or structure; identify parts and relationships, and to interpret information to reach conclusions |
| Apply | select and use information and/or knowledge and understanding to explain a given situation or real circumstances |
| Appraise | evaluate, judge or consider text or a piece of work |
| Appreciate | recognise the meaning, value or importance of |
| Assess | judge, evaluate or estimate the nature, ability, quality or value of something |
| Calculate | obtain a numerical answer showing the relevant stages in the working |
| Classify | group things based on common characteristics |
| Collaborate | work jointly with another or others on an activity or project |
| Compare | give an account of the similarities and (or) differences between two (or more) items or situations, referring to both (all) of them throughout |
| Create | bring something into existence; to cause something to happen as a result of one's actions |
| Critique | give an informed analysis and assessment of |
| Deduce | reach a conclusion from the information given |
| Demonstrate | prove or make clear by reasoning or evidence, illustrating with examples or practical application |
| Derive | arrive at a statement or formula through a process of logical deduction; manipulate a mathematical relationship to give a new equation or relationship |
| Describe | give a detailed account of the main points of the topic, using words, diagrams and/or images |
| Design | devise, create and/or realise according to a set of steps or a plan |
| Devise | plan, develop or create something by careful thought |
| Discuss | offer a considered, balanced review that includes a range of arguments, perspectives, factors or hypotheses, grounded in appropriate evidence |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.26*

# torthaí foghlama agus Bhriathra Gnímh

**toradh foghlama**
- Roghnaigh

**Aguisín 1**
- Briathar Gnímh
- Sainmhíniú

**Nasc**
- Briathar Gnímh
- toradh foghlama

**Pléigh**
- Foghlaim Iarbhír
- An chuma a bhíonn air sa Seomra Ranga

# Is é cuspóir na mBriathra Gnímh...

Oide

*tacú le tuiscint an scoláire agus an mhúinteora ar na torthaí foghlama agus ar an tsonraíocht*

Cén tionchar a bheidh aige sin ar do theagasc ar thorthaí foghlama a raibh tú tógtha fúthu i seisiún 1?



Snáithe 2: Éilimh fhisiceacha agus shíceolaíocha na feidhmíochta

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • comhpháirteanna den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte agus feidhmíocht<br>• ábharthacht na gcomhpháirteanna corpacmhainne maidir le raon gníomhaíochtaí coirp éagsúla<br>• tástáil chuí ar an tsláinte agus corpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht<br>• bailíocht agus iontaofacht maidir le tástálacha corpacmhainne arna ndéanamh<br>• modhanna traenála, ina measc; traenáil leanúnach, eatramhach, fartlek, ciorcaid, friotaíochta, pléiméadracht agus modhanna searrtha | 1. comhpháirteanna na corpacmhainne a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le feidhmíocht i ngníomhaíocht choirp |
| • prionsabail na traenála, ina measc; ullmhacht, sainiúlacht, ró-ualú céimnitheach, scíth, téarnamh, inchúlaitheacht, leadrán<br>• Foirmle FITT (Minicíocht, Déine, Am, Cineál gníomhaíochta) | 2. prionsabail na traenála a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht bharrmhaith a bhaint amach |
| • straitéisí téarnaimh agus róthraenáil<br>• ról agus cur i bhfeidhm an tréimhsithe<br>• téarnamh agus tréimhsiú a chur san áireamh i ndearadh clár traenála | 3. discuss recovery strategies and apply principles of periodisation in training programme design |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.16*

# Teagasc d'Fhoghlaim an Scoláire

‘Tá rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíocht choirp lárnach do theagasc agus d’fhoghlaim i gcorpoideachas……..

Níltear dírithe go príomha ar an toradh ná ar fheidhmíocht ach ina ionad sin dírítear ar thuras foghlama pearsanta, fisiciúil, sóisialta agus intleachtúil na scoláirí trína rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp..’

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.20*









# An Fhoghlaim a Iniúchadh i ngníomhaíocht coirp trí ghníomhaíocht coirp agus faoi ghníomhaíocht coirp

Oide

## Gníomhaíocht

1. Roghnaigh toradh foghlama ó cheann de na snáitheanna agus déan iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le réimse den ghníomhaíocht coirp tacú leis an gcaoi a mbíonn an scoláire ag plé leis an bhfoghlaim sna torthaí foghlama.
2. Déan breithniú ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta sa toradh foghlama a mbítear ag plé leo tríd an **réimse den ghníomhaíocht coirp**
3. Comhroinn smaointe faoin gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar **eispéireas foghlama** i do scoil




Fíor 4: Na réimsí gníomhaíochta coirp agus croíchoincheapa

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.13*

Oide

## Breithnithe Pleanála

- Cé na torthaí foghlama a bhfuiltear ag díriú orthu?
- Cé na réimsí gníomhaíochta coirp a thacóidh le rannpháirtíocht na scoláirí leis na TFanna seo?
- Cén tionchar a bheidh ag briathra gnímh ar na heispéiris foghlama?
- Cad iad na tascanna agus na heispéiris foghlama a thacóidh leis an bhfoghlaim?
- Conas a dhéanfar measúnú ar an bhfoghlaim?
- Cad iad na hacmhainní a bheidh ag teastáil?

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Machnamh

Scríobh síos na 3 chéad chéim eile a ghlacfaidh tú agus tú ag pleanáil d'fhoghlaim na scoláirí in COAT ó Mheán Fómhair 2026



# Pleanáil don Fhoghlaim in COAT
# - gníomhaíocht dhigiteach bunaithe ar chluichí






# Athbhreithniú ar Naisc a Dhéanamh




## Sonraíocht Chorpoideachais na hArdteistiméireachta 2025

Share Puzzle

by Oide PP PE

| | | | |
|---|---|---|---|
| DAMHSA | TRÍ SHNÁITHE | BA CHÓIR GO MBEADH SCOLÁIRÍ IN ANN | CLUICHÍ |
| PÁIRT A GHLACADH SA TSOCHAÍ | DÉAN MEASTÓIREACHT | AG SMAOINEAMH AGUS AG RÉITEACH FADHBANNA | A BHEITH CRUTHAITHEACH |
| FOGHLAIM AGUS FÉINIÚLACHT A BHAINISTIÚ | GLEACAÍOCHT | LÚTHCHLEASAÍOCHT | DÉAN BREITHMHEAS |
| RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHT COIRP | DEAR | FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ FAOI | DÉAN COMPARÁID |

Shuffle | Clear | Submit



## Sonraíocht Chorpoideachais na hArdteistiméireachta 2025

Share Puzzle

by Oide PP PE

**RÉIMSE GNÍOMHAÍOCHT COIRP**
CLUICHÍ, DAMHSA, GLEACAÍOCHT, LÚTHCHLEASAÍOCHT

**BHRIATHAR GNÍMH**
DEAR, DÉAN BREITHMHEAS, DÉAN COMPARÁID, DÉAN MEASTÓIREACHT

**SONRAÍOCHT COAT STRUCHTÚR 2025**
BA CHÓIR GO MBEADH SCOLÁIRÍ IN ANN, FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ FAOI, RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHT COIRP, TRÍ SHNÁITHE

**PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ SA TSRAITH SHINSEARACH**
A BHEITH CRUTHAITHEACH, AG SMAOINEAMH AGUS AG RÉITEACH FADHBANNA, FOGHLAIM AGUS FÉINIÚLACHT A BHAINISTIÚ, PÁIRT A GHLACADH SA TSOCHAÍ


# Intinní Foghlama

Oide

Sa seisiún seo, táimid tar éis:

- Imscrúdú déanta ar na hionchais d'fhoghlaim scoláirí sa tSonraíocht nua do Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (2025)
- Comhoibriú déanta ar an gcuma a bheas ar na torthaí foghlama agus ar na briathra gnímh inár gcomhthéacsanna éagsúla

# Eagraí na gCeithre Chúinne



# Lón

## 60 nóiméad



# Seisiún 3:

## Dearcthaí ar Fheidhmíocht i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta



# Intinní Foghlama

Sa seisiún seo, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Tuiscint leathan ar fheidhmíocht mar chuid de CO na hArdteist a fhorbairt
- Na deiseanna foghlama san fheidhmíocht a aithint
- Plé le struchtúr Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis i gCO na hArdteist

# Perspective on Performance

Cad é ár dtuiscint choiteann i dtaobh feidhmíochta i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta?



# Contanam Feidhmíochta

- Cad iad na scileanna agus an t-eolas a bhí ag teastáil ó scoláirí roimh ré?

- Cén fhoghlaim nach bhfuil le feiceáil san fheidhmíocht deiridh?



*Go raibh maith ag an bhfoireann agus ag na scoláirí i mBun Clóidí as an bhfíseán seo*

# Réamhfhoghlaim agus Gnéithe eile den Fheidhmíocht



4 minutes

# Cad é atá i gceist le Contanam Feidhmíochta in COAT?




# Teagasc d'Fhoghlaim an Scoláire


“Tagraíonn Foghlaim trí ghníomhaíocht choirp do thorthaí ríthábhachtacha nuair is í an ghníomhaíocht choirp an meán trína bhfoghlaimíonn na scoláirí.

**Níltear dírithe go príomha ar an toradh ná ar fheidhmíocht ach ina ionad sin dírítear ar thuras foghlama pearsanta, fisiciúil, sóisialta agus intleachtúil na scoláirí trína rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp.”**

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.20*



# Feidhmíocht inár Scoileanna



# Feidhmíocht in COAT, Comhpháirt mheasúnaithe bhreise (CMB)

Trí chur i bhfeidhm praiticiúil le gníomhaíocht coirp, éilítear ar scoláirí sa tionscadal Corpoideachais, go háirithe, na nithe seo a leanas a léiriú: planning

- pleanáil
- rannpháirtíocht
- inniúlacht agus anailís scileanna
- meastóireacht
- cumarsáid

| | |
|---|---|
| Inniúlacht Scile agus Anailís | Roghnú agus déanamh scileanna cuí go cruinn agus go staidéarach. Anailís ghéarchúiseach a chur ar fáil agus critéir agus uirlisí ábhartha á n-úsáid. Tuiscint dhomhain ar éilimh feidhmíochta a thaispeáint. |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.23*

## Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis

Tá sé i gceist ag na Tuairisceoirí Cáilíochta i dTábla 2 léargas a thabhairt ar na hionchais ghinearálta maidir le scoláirí a chríochnaíonn an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis.

Go sonrach, leis an tionscadal corpoideachais, trí chur i bhfeidhm praiticiúil le gníomhaíocht choirp, éilítear ar na scoláirí na nithe seo a leanas a thaispeáint:

- pleanáil
- rannpháirtíocht
- inniúlacht scile agus anailís
- meastóireacht
- cumarsáid.

| Comhpháirt | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | Pleanáil chuimsitheach atá leagtha amach go maith agus atá bunaithe ar an treoir tionscadail shannta a thaispeáint. Spriocanna a chosaint go soiléir le hanailís chuí ar na riachtanais. Léiriú go bhfuil an phleanáil agus gach céim den tionscadal ag teacht le chéile. | Rannpháirtíocht i bpleanáil lena ngabhann spriocanna atá cuí ar an iomlán agus anailís bhunúsach ar na riachtanais. Léiriú go bhfuil an phleanáil agus céimeanna déanacha an tionscadail ag teacht le chéile go pointe áirithe. | Pleanáil theoranta nó dhoiléir a thaispeáint. Ní ghabhann aon chosaint leis na spriocanna nó ní thagann siad le héilimh an tionscadail. Fíorbheagán fianaise ar anailís ar na riachtanais. |
| Rannpháirtíocht | Léiriú rannpháirtíochta seasmhaí diongbháilte i réimse na gníomhaíochta coirp. Aiseolas a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus pleananna a chur in oiriúint chun feidhmíocht a fheabhsú ar fud na treorach sannta. Léiriú fianaise ar rannpháirtíocht shábháilte eiticiúil. | Léiriú rannpháirtíochta rialta i réimse na gníomhaíochta coirp agus iarracht a dhéanamh aiseolas a chur i bhfeidhm. Roinnt dul chun cinn ar fud na treorach a thaispeáint. Leanúint cleachtas bunúsach sábháilteachta agus eitice. | Rannpháirtíocht neamhsheasmhach sa ghníomhaíocht choirp a thaispeáint. Úsáid bheag a bhaint as aiseolas nó oiriúnú, nó gan iad a úsáid. Ní théitear i ngleic i gceart le cúrsaí sábháilteachta agus eitice. |
| Inniúlacht Scile agus Anailís | Roghnú agus déanamh scileanna cuí go cruinn agus go staidéarach. Anailís ghéarchúiseach a chur ar fáil agus critéir agus uirlisí ábhartha á n-úsáid. Tuiscint dhomhain ar éilimh feidhmíochta a thaispeáint. | Déanamh scileanna áirithe lena mbaineann smacht agus cruinneas ginearálta. Anailís bhunúsach a thabhairt agus roinnt critéir feidhmíochta á n-úsáid. Léiriú go bhfuil an tuiscint ar an bhfeidhmíocht ag forbairt. | Déanamh scileanna gan mórán smachta ná cruinnis. Tá an anailís lag, doiléir nó in easnamh. Léiriú ar bheagán tuisceana ar fheidhmíocht lena mbaineann scil. |
| Meastóireacht | Machnamh criticiúil ar phleanáil agus rannpháirtíocht. Eispéireas a nascadh go soiléir le coincheapa corpoideachais agus spriocanna feidhmíochta. Úsáid fianaise chun tacú le conclúidí agus feabhsuithe a mholadh. | Machnamh fiúntach a dhéanamh ar ghnéithe den tionscadal. Roinnt nasc a dhéanamh le coincheapa corpoideachais. Réimsí ginearálta a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint. | Machnamh teoranta nó baoth a chur ar fáil. Beagán nasc nó naisc ar bith le coincheapa corpoideachais. Deacracht bealaí le feabhsú a mheasúnú nó a shainaithint. |
| Cumarsáid | Cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach agus úsáid á baint as téarmaíocht chorpoideachais chuí. Sonraí agus anailís a chur i láthair le huirlisí ábhartha. Comhleanúnachas ar fud na gcodanna a thaispeáint. | Cumarsáid sách soiléir a dhéanamh. Níl an úsáid as téarmaíocht chorpoideachais seasmhach. Sonraí agus anailís bhunúsach a chur i láthair, agus struchtúr éigin ag gabháil leo. | Cumarsáid a dhéanamh ar bhealach scaipthe nó doiléir. Úsáid theoranta as téarmaíocht chorpoideachais. Ní chuirtear na sonraí i láthair mórán nó tá sé mearbhlach. |

Tábla 3: Tuairisceoirí cáilíochta: Tionscadal corpoideachais

# Forléargas ar Shonraíocht COAT 2025

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tionscadal Corpoideachais | 50% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 50% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

**Tábla 2:** Achoimre ar an measúnú don teistiúchán

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.20*

Comhpháirt mheasúnaithe bhreise **amháin** (CMB) ar fiú 50% é, ar a dtugtar Tionscadal Corpoideachais (TCO)

# comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis … déan taighde

Oide

Éilítear ar scoláirí sa tionscadal corpoideachais (TCO), agus gníomhaíocht coirp á cur i bhfeidhm go praiticiúil acu: Pleanáil, A bheith rannpháirteach, Feidhmiú, Meastóireacht a dhéanamh, Cumarsáid a dheanamh

Samhlaítear go dtógfaidh sé suas le 25 uair an chloig chun an CMB a chur i gcrích

*Sna Treoirlínte chun tacú le CMB Corpoideachais na hArdteistiméireachta,* tugtar treoir maidir le nithe éagsúla a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht an tionscadail ***le heisiúint in am trátha**

Tá sé i gceist leis an measúnú seo comhtháthú leis an bhfoghlaim leanúnach agus tacú léi, ag spreagadh scoláirí chun dul i ngleic go domhain leis na próisis phleanála, taibhithe agus feabhsúcháin i ngníomhaíochtaí coirp agus iad ag dul i ngleic le saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar ghníomhaíocht coirp

“Glacfaidh scoláirí páirt i ngníomhaíocht coirp faoi threoir gníomhaíochtaí agus téamaí fisiciúla mar atá leagtha amach san achoimre a sholáthraíonn an CSS, a eiseofar gach bliain agus ina leagfar amach na riachtanais do na scoláirí.”

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.22*

# Comhpháirt mheasúnaithe bhreise (CMB) - Tionscadal Corpoideachais (TCO)


Oide

## Liosta na ngníomhaíochtaí coirp faofa

### Aguisín 2: Liosta gníomhaíochtaí coirp

| | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Lúthchleasaíocht | Imeachtaí reatha, imeachtaí caithimh, imeachtaí léimní |
| Gníomhaíochtaí Ealaíonta agus Aeistéitiúla | Gleacaíocht, damhsa |
| Uisciocht | Buillí snámha, póló uisce, snámh comhuaineach |
| Gníomhaíochtaí Eachtraíochta | Treodóireacht, cadhcáil, dreapadóireacht laistigh le rópa, rámhaíocht uisce, rothaíocht (bóthar, sliabh) |
| Cluichí – Ionradh | Peil ghaelach (fir/mná), iománaíocht/camógaíocht, sacar, rugbaí, cispheil, haca, líonpheil, liathróid láimhe Oilimpeach |
| Cluichí – Eangach/Balla | Badmantan, leadóg, eitpheil, leadóg bhoird, liathróid láimhe CLG, scuais |
| Cluichí – Bualadh/Gabháil | Cruicéad, bogliathróid, cluiche corr |
| Cluichí – Sprioc/Bualadh | Galf |

*Churaclaim le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, 2025, lch.28*





* Féadfar gníomhaíochtaí laistigh den liosta faofa a oiriúnú chun tacú le rannpháirtíocht fhiúntach gach scoláire

# CMB - Tionscadal Corpoideachais (TCO)

**Aon cheist?**



# Eagraí na gCeithre Chúinne



# Aiseolas ar EFG an lae inniu

Oide


**Foirm aiseolais**

# Intinní Foghlama

Sa seisiún seo, táimid tar éis:

- Tuiscint leathan forbartha againn ar fheidhmíocht mar chuid de Chorpoideachas na hArdteistiméireachta
- Tuiscint againn ar na deiseanna foghlama laistigh d’fheidhmíocht
- Plé déanta ar struchtúr na Comhpháirte Measúnaithe Breise i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta

# Cainéil Chumarsáide Fhoireann CO-IB







@Oide_PP_PE

www.oide.ie/ga/

# Míle Buíochas